# CINNEADH (AE) 2022/1982 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

## an 10 Deireadh Fómhair 2022

## maidir le húsáid sheirbhísí Chóras Eorpach na mBanc Ceannais ag údaráis inniúla agus ag údaráis chomhoibríocha, agus lena leasaítear Cinneadh BCE/2013/1 *(BCE/2022/34)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe, Airteagal 127 agus Airteagal 132(1) de,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 12.1 i gcomhar le hAirteagail 3.1 agus 12.3, agus Airteagal 34 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuirtear Seirbhísí Chóras Eorpach na mBanc Ceannais (CEBC) ar fáil do bhainc cheannais laistigh de CEBC chun tacú go hindíreach le comhlíonadh a gcúraimí. Déanann banc ceannais amháin nó níos mó seirbhísí CEBC a fhorbairt, a reáchtáil agus a chothabháil (dá ngairtear na "bainc cheannais ag soláthar" anseo feasta) agus stiúrann Coiste CEBC iad (an "Coiste Úinéara Córais" anseo feasta). Maoiníonn na bainc cheannais atá rannpháirteach in CEBC seirbhísí CEBC (dá ngairtear na "bainc cheannais rannpháirteacha" anseo feasta), a shainmhínítear a ranníocaíochtaí faoi seach i gclúdaigh airgeadais a cheadaíonn an Chomhairle Rialaithe. Leagtar amach cearta agus oibleagáidí na mbanc ceannais rannpháirteach i ngníomhartha dlí an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), mar is amhlaidh i gcás bonneagar eochrach poiblí CEBC (CEBC-PKI), agus/nó i gcomhaontuithe idir na bainc cheannais rannpháirteacha.

(2) Ní dhéantar foráil faoi láthair sna creataí dlí maidir le seirbhísí áirithe CEBC a sholáthar lena n-úsáid ag páirtithe nach bainc cheannais iad laistigh de CEBC.

(3) Measann an Chomhairle Rialaithe gurb iomchuí ligean d'údaráis inniúla na seirbhísí sin a úsáid chun comhoibriú le CEBC agus lena chéile, chun a gcúraimí a dhéanamh laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta (SAM), a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) Uimh 1024/2013 ón gComhairle [1] ar bhonn Airteagal 127(6) den Chonradh.

(4) Ba cheart d'údaráis inniúla a úsáideann seirbhísí CEBC chun na gcríoch sin cloí leis an gcreat dlíthiúil lena rialaítear gach seirbhís de chuid CEBC, á chur san áireamh nach bhfuil údaráis inniúla mar chuid de chreat rialachais CEBC. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla den sórt sin rannchuidiú le costais seirbhísí a fhorbairt agus a oibriú de réir creat aisíocaíochta sainithe, creat ba cheart a bheith bunaithe ar eochair leithdháilte costas.

(5) Measann an Chomhairle Rialaithe freisin gurb iomchuí ligean d'údaráis chomhoibríocha na seirbhísí sin a úsáid chun comhoibriú le CEBC nó le SAM agus iad i mbun a gcúraimí, lena n-áirítear cúraimí BCE faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

(6) Ba cheart d'údaráis chomhoibríocha a chinneann na seirbhísí sin a úsáid cloí leis an gcreat dlíthiúil lena rialaítear gach seirbhís de chuid CEBC, á chur san áireamh nach bhfuil údaráis chomhoibríocha mar chuid de chreat rialachais CEBC. I gcás inarb ábhartha, ba cheart d'údaráis chomhoibríocha den sórt sin rannchuidiú le costais seirbhísí a fhorbairt agus a oibriú de réir creat aisíocaíochta sainithe, creat ba cheart a bheith bunaithe ar eochair leithdháilte costas.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart na seirbhísí de chuid CEBC ba cheart a chur ar fáil d'údaráis inniúla agus d'údaráis chomhoibríocha a shainiú trí thagairt a dhéanamh do liosta uileghabhálach lena n-áirítear seirbhísí CEBC a gceanglaítear ar na húdaráis inniúla iad a úsáid, chomh maith leis na seirbhísí a d'fhéadfadh siad a úsáid.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

(8) Ina theannta sin, ba cheart Cinneadh BCE/2013/1 ón mBanc Ceannais Eorpach [2] a leasú chun ligean d'údaráis chomhoibríocha seirbhísí CEBC-PKI a úsáid chun seirbhísí CEBC a rochtain agus a úsáid,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "údarás inniúil" údarás inniúil náisiúnta nó an Banc Ceannais Eorpach (BCE);

(2) ciallaíonn "údarás inniúil náisiúnta" (ÚIN) údarás inniúil náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus, chun críocha an Chinnidh seo, folaíonn sé freisin, maidir leis na cúraimí maoirseachta sannta dóibh, bainc cheannais náisiúnta ar sannadh cúraimí maoirseachta áirithe dóibh faoin dlí náisiúnta agus nach bhfuil ainmnithe ina ÚINanna;

(3) ciallaíonn "údarás inniúil rannpháirteach" údarás inniúil a úsáideann seirbhísí CEBC chun comhoibriú le CEBC agus le húdaráis inniúla eile, chun a chúraimí a dhéanamh laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta (SAM), a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(4) ciallaíonn "údarás comhoibríoch" údarás poiblí, seachas banc ceannais laistigh de CEBC nó údarás inniúil, a gcomhoibríonn CEBC nó SAM leis chun cúraimí CEBC nó BCE a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(5) ciallaíonn "seirbhísí CEBC" aon cheann nó níos mó de na feidhmchláir, córais, ardáin, bunachair sonraí agus seirbhísí leictreonacha a liostaítear in Iarscríbhinní I;

(6) ciallaíonn "banc ceannais soláthair" banc ceannais a dhéanann seirbhís CEBC a fhorbairt, a reáchtáil agus a choimeád;

(7) ciallaíonn "Coiste Úinéirí Córais" Coiste CEBC a stiúrann seirbhís CEBC.

*Airteagal 2*

**Úsáid sheirbhísí CEBC ag údaráis inniúla**

1. Féadfaidh údaráis inniúla seirbhísí CEBC a úsáid chun comhoibriú le CEBC nó lena chéile agus a gcúraimí á ndéanamh acu faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

2. Comhlíonfaidh údaráis inniúla a úsáideann seirbhísí CEBC na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Cuirfidh siad dearbhú faoi bhráid na Comhairle Rialaithe trína ndeimhneoidh siad a rannpháirtíocht agus trína nglacfaidh siad le comhlíonadh na n-oibleagáidí gaolmhara, lena n-áirítear an oibleagáid a gcuid ranníocaíochtaí a íoc go díreach leis an mbanc ceannais a sholáthraíonn de réir Airteagal 4. Ní bheidh aon dearbhú den sórt sin ag teastáil bhíonn na húdaráis inniúla faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn II trí chinneadh ón gComhairle Rialaithe go n-úsáidfidh údaráis inniúla seirbhísí CEBC.

3. Comhlíonfaidh údaráis inniúla a úsáideann seirbhísí CEBC an creat dlíthiúil lena rialaítear gach seirbhís de chuid CEBC, lena n-áirítear na comhaontuithe idir na bainc cheannais rannpháirteacha agus sholáthair. Féadfaidh na comhaontuithe idir na páirtithe caidrimh chonarthacha dhíreacha a bhunú idir na bainc cheannais a sholáthraíonn agus na húdaráis inniúla.

4. Féadfaidh ÚINanna a úsáideann seirbhísí de chuid CEBC páirt a ghlacadh in imeachtaí an Choiste Úinéirí Córais inniúil mar bhreathnóirí i gcáil chomhairliúcháin. Cinnteoidh Coiste Úinéirí an Chórais go ndéanfar tuairimí ÚINanna a léiriú go leormhaith sna próisis chinnteoireachta.

---

(2) Cinneadh BCE/2013/1 ón mBanc Ceannais Eorpach an 11 Eanáir 2013 lena leagtar síos an creat le haghaidh bonneagar eochrach phoiblí do Chóras Eorpach na mBanc Ceannais (IO L 74, 16.3.2013, lch. 30).

*Airteagal 3*

**Úsáid sheirbhísí CEBC ag údaráis chomhoibríocha**

1. Faoi réir cheadú na Comhairle Rialaithe, féadfaidh údarás comhoibríoch seirbhísí de chuid CEBC a úsáid chun comhoibriú le CEBC nó le SAM chun cúraimí CEBC agus cúraimí BCE faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a chur i gcrích.

2. Déanfaidh údaráis chomhoibríocha a chinneann seirbhísí de chuid CEBC a úsáid dearbhú a chur faoi bhráid na Comhairle Rialaithe trína ndeimhneoidh siad a rannpháirtíocht agus trína nglacfaidh siad le comhlíonadh na n-oibleagáidí gaolmhara, a leagtar amach in Iarscríbhinn II, lena n-áirítear an oibleagáid a gcuid ranníocaíochtaí a íoc go díreach leis an mbanc ceannais a sholáthraíonn i gcomhréir le hAirteagal 4.

3. Comhlíonfaidh údaráis chomhoibríocha a chinneann seirbhísí de chuid CEBC a úsáid an creat dlíthiúil lena rialaítear gach seirbhís de chuid CEBC, lena n-áirítear na comhaontuithe idir na bainc cheannais rannpháirteacha agus soláthair. Féadfaidh na comhaontuithe idir na páirtithe caidrimh chonarthacha dhíreacha a bhunú idir na bainc cheannais soláthair agus na húdaráis chomhoibríocha. Ní ghlacfaidh údaráis chomhoibríocha páirt in imeachtaí an Choiste Úinéirí Córais faoi seach.

*Airteagal 4*

**Socruithe airgeadais**

Íocfaidh na bainc cheannais rannpháirteacha agus na húdaráis inniúla rannpháirteacha na costais a bhaineann le seirbhís CEBC faoi seach a fhorbairt agus a oibriú de réir creat aisíocaíochta sainithe, atá bunaithe ar eochair leithdháilte costas, mar a shonraítear a thuilleadh sna clúdaigh airgeadais faoi seach de réir na rialacha aisíocaíochta is infheidhme. I gcás inarb ábhartha, rannchuideoidh údaráis chomhoibríocha le costais na seirbhíse faoi seach de chuid CEBC de réir creat aisíocaíochta ar leith.

*Airteagal 5*

**Leasú ar Chinneadh BCE/2013/1**

Leasaítear Cinneadh BCE/2013/1 mar a leanas:

(1) cuirtear na sainmhínithe seo a leanas isteach in Airteagal 1:

“19. ciallaíonn ‘údarás inniúil’ údarás inniúil náisiúnta nó BCE;

20. ciallaíonn ‘údarás inniúil náisiúnta’ (ÚIN) údarás inniúil náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle (*) agus, chun críocha an Chinnidh seo, folaíonn sé freisin, maidir leis na cúraimí maoirseachta sannta dóibh, bainc cheannais náisiúnta ar sannadh cúraimí maoirseachta áirithe dóibh faoin dlí náisiúnta agus nach bhfuil ainmnithe ina ÚINanna;

21. ciallaíonn ‘údarás comhoibríoch’ údarás poiblí, seachas banc ceannais laistigh de CEBC nó údarás inniúil, a gcomhoibríonn CEBC nó an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) leis chun cúraimí CEBC nó BCE a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

22. ciallaíonn ‘údarás inniúil rannpháirteach’ údarás inniúil a úsáideann seirbhísí CEBC chun comhoibriú le CEBC agus le húdaráis inniúla eile, chun a chúraimí a dhéanamh laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta (SAM), a bunaíodh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).”;

(2) cuirtear an tAirteagal 9a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 9a*

**Úsáid sheirbhísí CEBC-PKI ag údaráis chomhoibríocha**

1. Faoi réir cheadú na Comhairle Rialaithe, féadfaidh údarás comhoibríoch seirbhísí CEBC-PKI a úsáid chun rochtain, agus úsáid a bhaint as feidhmchláir, córais, ardáin, bunachair sonraí agus seirbhísí de chuid CEBC agus Eurochórais chun comhoibriú le CEBC nó le SAM agus féadfaidh sé gníomhú chun na críche sin mar údarás clárúcháin dá úsáideoirí inmheánacha.

2. Déanfaidh údaráis chomhoibríocha a chinneann seirbhísí CEBC-PKI a úsáid dearbhú a chur faoi bhráid na Comhairle Rialaithe trína ndeimhneoidh siad a n-úsáid as na seirbhísí agus trína nglacfaidh siad le comhlíonadh na n-oibleagáidí gaolmhara.

3. Comhlíonfaidh údaráis chomhoibríocha a chinneann seirbhísí CEBC-PKI a úsáid an creat dlíthiúil is infheidhme, lena n-áirítear Comhaontú Leibhéal 2 — Leibhéal 3.";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

"*Airteagal 14*

**Socruithe airgeadais**

Íocfaidh na bainc cheannais rannpháirteacha agus na húdaráis inniúla rannpháirteacha na costais a bhaineann le seirbhísí CEBC-PKI a fhorbairt agus a oibriú de réir creat aisíocaíochta sainithe, atá bunaithe ar eochair leithdháilte costas, mar a shonraítear a thuilleadh i gclúdaigh airgeadais CEBC-PKI de réir na rialacha aisíocaíochta is infheidhme. Rannchuideoidh údaráis chomhoibríocha leis na costais faoi seach de réir creat aisíocaíochta ar leith.".

*Airteagal 6*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 10 Deireadh Fómhair 2022.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE

*IARSCRÍBHINN I*

**Seirbhísí CEBC le cur ar fáil d'údaráis inniúla agus d'údaráis chomhoibríocha**

— CoreNet3

— Bus Seirbhíse Fiontair (Enterprise Service Bus, ESB)

— Bonneagar Eochair Phoiblí CEBC (ESCB Public Key Infrastructure, CEBC PKI)

— Seirbhís um Bainistiú Aitheantais agus Rochtana (Identity and Access Management Service, IAM)

— Ríomhphost Slán CEBC (Secure ESCB Email, SEE)

— Córas Teileachomhdhála CEBC

— ESCB Performing Survey Initiative LimeSurvey-based Solution (EPSILON)

— Uirlis samhaltaithe ENTM agus stóras (ENTM modelling tool and repository, ENTM)

*IARSCRÍBHINN II*

**Riachtanais le haghaidh seirbhísí CEBC a cheanglaítear ar údaráis inniúla a úsáid**

(1) Ní mór d'údaráis inniúla na tascanna a dhéanamh agus na freagrachtaí a ghabhann lena ról sa tseirbhís ábhartha CEBC a ghlacadh.

(2) Ní mór d'údaráis inniúla a gcórais inmheánacha agus a gcomhéadain a choigeartú chun oibriú gan bhriseadh leis an tseirbhís CEBC.

(3) Beidh údaráis inniúla faoi dhliteanas as aon chaillteanas nó damáiste a thabhaítear mar thoradh ar aon ghníomh agus/nó neamhghníomh d'aon ghnó nó faillí agus a n-oibleagáidí á gcomhlíonadh acu. Beidh feidhm dá réir ag na teorainneacha dliteanais a leagtar síos sa Chomhaontú Leibhéal 2 — Leibhéal 3.

(4) Beidh an dualgas cruthúnais ar údaráis inniúla a thaispeáint nár sháraigh siad a ndualgas cúraim réasúnta agus a n-oibleagáidí á gcomhlíonadh acu, lena n-áirítear agus na saoráidí teicniúla á n-oibriú.

(5) Beidh seachfhoinsiú, tarmligean nó ligean ar fochonradh ag údarás inniúil do thríú páirtithe gan dochar do dhliteanas an údaráis inniúil sin.

Ní fhéadfaidh údaráis inniúla tascanna a bhfuil nó a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a sheachfhoinsiú, a tharmligean nó a ligean ar fochonradh chuig tríú páirtí ach a mhéid a fuair siad toiliú sainráite, roimh ré agus i scríbhinn (nó toiliú a mheastar a bheith tugtha mar a fhoráiltear i mír (6)) ó bhainc cheannais an Eurochórais, nó bainc cheannais CEBC, de réir mar a bheidh. Ní theastaíonn aon toiliú den sórt sin más comhchleamhnaí leis an údarás inniúil ábhartha an tríú páirtí agus má fhanann cearta agus oibleagáidí an údaráis inniúil sin gan athrú go hábhartha.

(6) Ní mór d'údaráis inniúla réamhfhógra réasúnta a thabhairt maidir le haon seachfhoinsiú, tarmligean nó ligean ar fochonradh pleanáilte dá dtagraítear i mír 5 agus ní mór dóibh sonraí a sholáthar faoi na ceanglais a bheartaítear a chur i bhfeidhm maidir le seachfhoinsiú, tarmligean nó ligean ar fochonradh den sórt sin.

Ní mór don Choiste inniúil CEBC freagra a thabhairt ar aon iarraidh ar thoiliú faoi mhír 5 laistigh de dhá mhí tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoin seachfhoinsiú, tarmligean nó ligean ar fochonradh atá beartaithe. Ní mór na cúiseanna leis an diúltú sin a bheith in éineacht le haon diúltú toiliú a thabhairt. Mura bhfaigheann an t-údarás inniúil aon fhreagra laistigh de spriocdháta dhá mhí, féadfaidh sé a iarratas a chur in iúl don Choiste inniúil CEBC. Beidh mí amháin eile ag bainc cheannais an Eurochórais, nó bainc cheannais CEBC, de réir mar a bheidh, chun freagra a thabhairt ar an dara fógra. Mura mbeidh aon fhreagra ann laistigh den tréimhse ama sin, measfar go bhfuair an t-údarás inniúil toiliú le dul ar aghaidh leis an seachfhoinsiú, an tarmligean nó an ligean ar fochonradh.

(7) Ní mór d'údaráis inniúla gach faisnéis agus fios gnó íogair, faoi cheilt nó rúnda a choinneáil faoi rún (cibé acu an fhaisnéis sin a bheith de chineál tráchtála, airgeadais, rialála, teicniúil nó eile) atá marcáilte mar sin agus a bhaineann leis an mbanc ceannais solathair agus/nó le bainc cheannais eile CEBC/Eurochórais, agus ní fhéadfaidh siad an fhaisnéis sin a nochtadh d'aon tríú páirtí gan toiliú sainráite, roimh ré agus i scríbhinn ón mbanc/na bainc cheannais lena mbaineann.

(8) Ní mór d'údaráis inniúla rochtain ar an bhfaisnéis nó an fios gnó dá dtagraítear i mír 7 a shrianadh chuig a bhfoireann theicniúil ábhartha, agus ní féidir an rochtain sin a fheidhmiú seachas i gcásanna soiléire riachtanais oibríochta.

(9) Ní mór d'údaráis inniúla bearta iomchuí a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis rúnda nó fios gnó ag daoine seachas an fhoireann theicniúil ábhartha a chosc.

(10) Sa chás eisceachtúil ina mbaineann úsáid na seirbhíse CEBC le sonraí pearsanta a phróiseáil ag an údarás inniúil, ní mór don údarás inniúil an reachtaíocht is infheidhme maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Ní mór do bhainc cheannais an Eurochórais, nó do bhainc cheannais CEBC, de réir mar a bheidh, cinneadh ar na críocha ar féidir sonraí pearsanta a phróiseáil ina leith agus na modhanna inar féidir iad a phróiseáil. Maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ba cheart don údarás inniúil agus do bhainc cheannais an Eurochórais, nó do bhainc cheannais CEBC, de réir mar a bheidh, iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích lena soiléireofaí na gnéithe riachtanacha den chaidreamh idir an rialtóir agus an próiseálaí.

Ní mór don údarás inniúil a dhearbhú do na húdaráis inniúla um chosaint sonraí, má éilítear amhlaidh faoin reachtaíocht um chosaint sonraí is infheidhme maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs na seirbhíse ábhartha CEBC.

(11) Ní fhéadfar rochtain ar shonraí pearsanta a dheonú seachas dóibh siúd a bhfuil riachtanas acu eolas a bheith acu chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an tseirbhís ábhartha CEBC.